

IRISH

Faisnéis agus Leideanna le haghaidh Foirmeacha Dearbhaithe do Thuismitheoirí do Scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE) agus don Scéim Fóirdheontas um Chúram Leanaí Pobail (CCS)

Faoin Scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE), cuirtear bliain réamhscoile saor in aisce ar fáil do leanaí sa bhliain roimh dóibh tosú ar an mbunscoil. Faoin scéim Fóirdheontas um Chúram Leanaí Pobail (CCS), tugtar fóirdheontas do sheirbhísí cúram leanaí pobail gan beann ar bhrabús ionas gur féidir leo táillí cúram leanaí laghdaithe a ghearradh ar thuismitheoirí faoi mhíbhuntáiste agus ar ioncam íseal.

Tá sonraí na scéimeanna sa litir do thuismitheoirí. Ba cheart dóibh an litir sin fháil ón tSeirbhís Cúram Leanaí in éineacht leis an bhfoirm Dhearbhaithe do Thuismitheoirí. Is iondúil go mbeidh an bhliain réamhscoile saor in aisce (ECCE) mar an gcéanna leis an mbliain bhunscoile.

NB Ní fhéadfaidh Tuismitheoir tacaíocht a éileamh maidir le leanbh a fuair tacaíocht cheana, mura bhfuil díolúine ina leith faighte acu i scríbhinn ó Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (OMCYA). Má tá díolúine den chineál sin faighte ag thuismitheoir, ba chóir dóibh cóip di a chur i gceangal leis an bhfoirm dhearbhaithe.

Níor cheart ach thuismitheoir amháin an fhoirm seo a chomhlánú. Má tá tacaíocht CCS á héileamh agus mura bhfuil an íocaíocht cháilithe á fáil ach ag thuismitheoir amháin, ba cheart don thuismitheoir sin an fhoirm a chomhlánú. Ba cheart do thuismitheoirí a n-ainm agus a nUimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PPS) féin agus ainm, dáta breithe agus uimhir PPS a linbh a chur isteach. Ba cheart ainm na seirbhíse cúram leanaí a bhfuiltear ag freastal uirthi agus an tsamhail (38 seachtain nó 50 seachtain) faoin scéim ECCE a roghnaíodh (nuair is infheidhme) a chomhlánú freisin. Ba cheart do thuismitheoirí an fhoirm dhearbhaithe chomhlánaithe (sínithe) a sheoladh chuig an tseirbhís cúram leanaí a bhfuiltear ag freastal uirthi faoin dáta a d'aontaigh an tseirbhís. Seolfaidh an tSeirbhís Cúram Leanaí an fhaisnéis a chuirtear ar fáil sna foirmeacha comhlánaithe, faoi rún, chuig Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (OMCYA) atá ina cuid den Roinn Sláinte agus Leanaí. Déantar é sin ionas gur féidir an fhaisnéis a chuirtear ar fáil a dheimhniú agus méid an mhaoinithe CCS nó méid na dtáillí caipitíochta le haghaidh do leanaí/linbh a íoc leis an tseirbhís.

Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin nach féidir caipitíocht ECCE a éileamh do leanbh i dteannta fóirdheontais dó/di faoin CCS. Ach, is féidir le thuismitheoirí a roghnaíonn leas a bhaint as an scéim ECCE do leanbh tacaíocht a éileamh faoin CCS ón Meán Fómhair dar gcionn.

Seo liosta leideanna do na ceisteanna a chuirtear ar an bhfoirm dhearbhaithe d'fhonn cabhrú le thuismitheoirí an fhoirm dhearbhaithe is gá a chomhlánú:

Question in English	Gaeilge:
---------------------	----------

1. Declaration by the Parent/Guardian	1. Dearbhú ón Tuismitheoir/Caomhnóir
2. What is the full family name: first name and surname?	2. Cad é an t-ainm teaghlaigh iomlán: céadainm agus sloinne?
3. What is your PPS number?	3 Cad é d'uimhir PPS?
4. What is the name of the Childcare Service?	4. Cad é ainm na Seirbhíse Cúram Leanaí?
5. What is your child's name as stated in official documents eg his/her birth certificate?	5. Cad é ainm do linbh mar atá sé sonraithe i ndoiciméid oifigiúla m.sh. a t(h)eastas breithe?
6. Are you applying for the ECCE (free pre-school year) or the CCS (subvention towards your childcare costs)?	6. An bhfuil iarratas á dhéanamh agat ar an ECCE (bliain réamhscoile saor in aisce) nó ar an CCS (fóirdheontas i leith do chostais chúram leanaí)?
7. What is your child's PPS number?	7. Cad é uimhir PPS do linbh?
8. Is your child a boy (M) or girl (F)?	8. An buachaill (F) nó cailín (B) do leanbh?
9. What Primary school have you enrolled your child in?	9. Cén bunscoil a bhfuil do leanbh cláraithe inti?

Cuirfear an fhaisnéis a thugann an tuismitheoir ar an bhfoirm dhearbhaite ar fáil do d'Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige atá ina cuid den Roinn Sláinte agus Leanaí. Deimhneoidh an Roinn Coimirce Sóisialaí í sula gcuirfidh an Rialtas an maoiniú ar fáil don tSeirbhís Cúram Leanaí ina bhfuil do leanbh cláraithe.

Transforming Ireland

Arna maoiniú ag Rialtas na hÉireann
faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013



